Fios Físe

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi phatrún féachana TG4. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa:

1. Cad iad na cláir a bhféachann tú orthu ar TG4?
2. An mbíonn cainteoirí Gaeilge amháin ag féachaint ar TG4, dar leat?
3. An léann tú na fotheidil agus tú ag féachaint ar chláir ar TG4?

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den chéad uair agus aimsigh an leagan Gaeilge de na focail seo inti.

1. to research _____
2. among Irish communities _____
3. insight _____
4. on both sides of the border _____
5. the proposal sprang from _____
6. makes it look like _____
7. feedback _____
8. putting the schedule together _____
9. representative _____
10. highest density of speakers _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt:

1. Cad é Fios Físe?
2. Cad fáth nach dtugann na comhlachtaí anailíse léargas maith ar lucht féachana na gclár Gaeilge?
3. Cad atá le rá ag Pól Ó Gallchóir agus Séamas Ó Concheanainn faoin togra nua?
4. Luaigh rud amháin a bheidh le déanamh ag na daoine a bheidh páirteach sa taighde?
5. Cathain a thosóidh an togra i gceart?

Ceist 4 Féach ar an sliocht seo ón mír agus bí in ann gach séimhiú atá i gcló dubh a mhíniú.

Emer Ní Chonghaile
Fáilte ar ais. Seoladh *Fios Físe*, togra úrnua de c**h**uid TG4 agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh inniu le taighde a dhéanamh ar p**h**atrún féachana TG4 i measc p**h**obal na Gaeilge ar fud na tíre. Bunófar painéal lucht féachana agus gheofar léargas ar na cláir is mó is spéis le daoine.

Sorcha Ní Mhonacháin
Níos luaithe i mbliana m**h**ol an tÚdarás Craolacháin go ndéanfadh TG4 taighde ar p**h**obal féachana na Gaeilge anseo, ar d**h**á t**h**aobh na teorann. D'eascair an moladh as an tuarascáil a réitigh an comhlacht

Crowe Horwath don Roinn Cumarsáide, mar c**h**uid de t**h**ogra ré nua an rialtais.

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 5 '…cuideoidh sé…'

Féach ar na briathra thíos san aimsir fháistineach. Conas atá siad éagsúil óna chéile? An féidir leat a rá cén fáth a bhfuil difear eatarthu?

Cuir	**Éirigh**
Cuirfidh mé	**Éireoidh mé**
Cuirfidh tú	**Éireoidh tú**
Cuirfidh sé / sí	**Éireoidh sé / sí**
Cuirimid	**Éireoimid**
Cuirfidh sibh	**Éireoidh sibh**
Cuirfidh siad	**Éireoidh siad**
An gcuirfidh sibh	**An éireoidh tú?**
Cuirfidh / ní chuirfidh	**Éireoidh / ní éireoidh**

Anois, cuir na deirí céanna i bhfeidhm sna briathra seo agus ná déan dearmad den riail sin 'caol le caol agus leathan an leathan'.

Glan	**Clúdaigh**

Ceist 6 Cuir na cineálacha cláir teilifíse thíos in ord, trí uimhir a haon a chur in aice leis an gcineál cláir is fearr leat agus uimhir a deich a chur leis an gcineál cláir is lú a thaitníonn leat.

1. An Nuacht
2. Cúrsaí reatha
3. Sraith teilifíse / Sobail / Boscra
4. Cláir faisnéise
5. Réamhaisnéis na haimsire
6. Teilifís réaltachta
7. Cláir ghrinn
8. Spórt
9. Scéinséirí
10. Seónna cainte

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

1. to research	*taighde a dhéanamh*
2. among Irish communities	*i measc phobal na Gaeilge*
3. insight	*léargas*
4. on both sides of the border	*ar dhá thaobh na teorann*
5. the proposal sprang from	*d'eascair an togra as*
6. makes it look like	*a chuireann cuma ar an scéal*
7. feedback	*aiseolas*
8. putting the schedule together	*ag cur an sceidil i dtoll a chéile*
9. representative	*ionadaíoch*
10. highest density of speakers	*an dlús cainteoirí is mó*

Ceist 3

1. Togra nua é de chuid TG4 agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh chun taighde a dhéanamh ar phatrún féachana TG4 i measc phobal na Gaeilge ar fud na tíre.
2. Déanann siad anailís ar na ceantair shamplacha chéanna ar fud na tíre, idir Ghalltacht agus Ghaeltacht. Ach tá locht ar an gcóras sin áfach, mar go mbíonn níos mó cainteoirí Gaeilge sa Ghaeltacht agus dá bharr sin níos mó daoine sa Ghaeltacht ag féachaint ar chláir Ghaeilge ná sa Ghalltacht.
3. **Pól Ó Gallchóir**: Beidh aiseolas á fháil ag TG4 gach seachtain a chuideoidh leis an stáisiún fios a bheith acu ar cad a thaitníonn nó nach dtaitníonn lena lucht féachana. Beidh TG4 in ann sceideal níor fearr a chur le chéile de bharr an eolais sin. **Séamas Ó Concheanainn:** De bhrí go mbeidh cúrsaí teanga agus teangeolaíochta curtha san áireamh sa taighde, tá sé dóchasach go mbeidh an sampla den lucht féachana ionadaíoch ar phobail na Gaeilge ar fud na hÉireann.
4. Beidh orthu dialann féachana a líonadh isteach ar líne.
5. Beidh sé faoi lánseol i mí Eanáir.

Ceist 4

-de c**h**uid: leanann séimhiú an réamhfhocal simplí **de**.
-ar p**h**atrún: Leanann séimhiú an réamhfhocal **ar** más ionad cinnte atá i gceist.
-i measc p**h**obal na Gaeilge: Is sampla é 'pobal na Gaeilge' de dhá ainmfhocal ag teacht le chéile, leis an dara ceann sa tuiseal ginideach. Nuair a thagann ainmfhocal eile roimh aonad mar seo, ní chuirtear ginideach eile i bhfeidhm ar an gcéad fhocal den aonad sin, ach cuirtear séimhiú air. i.e. i measc + pobal na Gaeilge = i measc p**h**obal na Gaeilge.
-ar pholasaí: Leanann séimhiú an réamhfhocal **ar** más ionad cinnte atá i gceist.
-m**h**ol: Cuirtear séimhiú ar fhréamh an bhriathair san aimsir chaite.
-ar dhá thaobh: Leanann séimhiú an réamhfhocal **ar** más ionad cinnte atá i gceist; agus leanann séimhiú **dhá**.
-mar chuid: leanann séimhiú an réamhfhocal simplí **mar**.
-de thogra: leanann séimhiú an réamhfhocal simplí **de**.

Ceist 5

Baineann an briathar 'cuir' leis an gcéad réimniú mar go bhfuil siolla amháin ann.
Baintear úsáid as na deirí –fidh/ -faidh do bhriathra mar sin san aimsir fháistineach.

Baineann an briathar 'éirigh' leis an dara réimniú mar go bhfuil dhá shiolla sa fhréamh.
Baintear úsáid as na deirí –eoidh/ -óidh san aimsir fháistineach do na briathra seo.

Glan	**Clúdaigh**
Glanfaidh mé	Clúdóidh mé
Glanfaidh tú	Clúdóidh tú
Glanfaidh sé / sí	Clúdóidh sé / sí
Glanfaimid	Clúdóimid
Glanfaidh sibh	Clúdóidh sibh
Glanfaidh siad	Clúdóidh siad
An nglanfaidh sibh?	An gclúdóidh tú?
Glanfaidh / ní ghlanfaidh	Clúdóidh / ní chlúdóidh

Ceist 6
Abair le gach foghlaimeoir na cláir a chur in ord iad féin ar dtús, sula bpléifidh siad a dtuairimí leis na daoine in aice leo.

Emer Ní Chonghaile
Fáilte ar ais. Seoladh *Fios Físe*, togra úrnua de chuid TG4 agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh inniu le taighde a dhéanamh ar phatrún féachana TG4 i measc phobal na Gaeilge ar fud na tíre. Bunófar painéal lucht féachana agus gheofar léargas ar na clárachaí[1] is mó is spéis le daoine.

Sorcha Ní Mhonacháin
Níos luaithe i mbliana mhol an tÚdarás Craolacháin go ndéanfadh TG4 taighde ar phobal féachana na Gaeilge anseo, ar dhá thaobh na teorann. D'eascair an moladh as an tuarascáil a réitigh an comhlacht *Crowe Horwath* don Roinn Cumarsáide, mar chuid de thogra ré nua an rialtais. Achan seachtain[2] agus iad ag iarraidh a fháil amach cé mhéad duine a bhí ag amharc ar chlár teilifíse, scrúdaíonn comhlachtaí anailíse an líon céanna daoine in achan cheantar samplach. Ach, tá locht amháin air sin, sin cúrsaí teangan[3]. Is dócha ná a mhalairt go mbeadh lucht féachana níos mó ag clár Gaeilge i gceantar Gaeltachta ná a bheadh sa Ghalltacht, ós rud é gur sa Ghaeltacht atá an líon is mó cainteoirí. Ach ní léiríonn na figiúirí féachana sin, rud a chuireann an chuma ar an scéal go bhfuil fíorbheagán daoine ag amharc ar chláracha Gaeilge.

Tá sé i gceist go léireodh an taighde painéil seo, a fógraíodh inniu, cé hiad lucht féachana TG4.

Pól Ó Gallchóir
Beidh aiseolas againn gach seachtain faoi chláracha TG4 agus an dtaitníonn siad leis an phobal agus céard atá á lorg ag an phobal. Sílimse gur rud an-dearfach atá ann, beidh an t-aiseolas an-mhaith dúinne agus muid ag cur sceidil i dtoll a chéile. Agus, cuideoidh sé go mór le TG4.

Sorcha Ní Mhonacháin
Is iad Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh a bheas[4] i mbun an taighde. Iarrfar ar an trí chéad caoga duine a bheas páirteach ann dialann féachana a líonadh isteach ar an idirlíon, uair sa tseachtain. Beidh an sampla seo ionadaíoch ar phobal na Gaeilge ar fud na hÉireann.

Séamas Ó Concheanainn
Beidh sí sin á tógáil san áireamh freisin - cúrsaí teanga, teangeolaíochta sa nGaeltacht[5]. Dar ndóigh tá an dlús cainteoirí is mó le fáil sa nGaeltacht, *so* cuirfidh an mhodheolaíocht é sin san áireamh. Agus, tá súil againn go mbeidh an sampla, tá mé dóchasach go mbeidh an samplach ionadaíoch ar phobal na Gaeilge ar an oileán trí chéile.

Sorcha Ní Mhonacháin
Tosóidh an taighde le bun samplach an tseachtain seo chugainn agus tá sé i gceist go mbeidh sé faoi lánseol[6] i mí Eanáir. Sorcha Ní Mhonacháin, Nuacht TG4.

---

[1] *cláir* atá sa chaighdeán oifigiúil, *cláracha* a deirtear i gcanúint na Mumhan agus Uladh , *clárachaí* a deirtear i gcanúint Chonnacht.
[2] *achan tseachtain* a deirtear. 'gach' atá sa chaighdeán oifigiúil ach 'achan' atá i gcanúint Uladh.
[3] *teangan* = seanfhoirm an tuisil ghinidigh. *teanga* atá sa chaighdeán oifigiúil anois.
[4] *a bheidh* atá sa chaighdeán oifigiúil
[5] *sa + urú* atá i gcanúint Chonnacht, *sa + séimhiú* atá sna canúintí eile.
[6] *faoi lán tseoil* a deirtear go minic sa chaint